Muintearas
MOL AN POBAL, MOL AN ÓIGE

Muintearas CTR
Tír an Fhia, Leitir Móir, Co. na Gaillimhe
Fón: +353 91-379141

# Bainisteoir Óige

| | |
|---|---|
| Teideal: | Bainisteoir Óige |
| Fád an Chonartha: | 3 Bliana |
| Láthair: | Is féidir an ról seo a bheith lonnaithe in aon cheann d'oifigí Mhuintearais i nGaillimh nó i dTír Chonaill. I gcás iarrthóra oiriúnaigh, féadfar socrú a dhéanamh go mbeidh an post lonnaithe in oifig eile sa Ghaeltacht, faoi réir riachtanais na heagraíochta agus infhaighteacht áiseanna oifige. |
| Grád: | Príomhoifigeach Cúnta |
| Tuarastal: | €83,113 |
| Spriocdháta: | 12i.n. Dé hAoine, 10 Iúil 2026 |

## An Eagraíocht

**Fís:** Ag Cumasú Pobail, ag Cumasú Óige na Gaeltachta

**Misean:** Pobail bhisiúla Ghaeltachta a neartú agus pobal óg, fuinniúil a chothú trí rannpháirtíocht ghníomhach.

Tá láithreacht mharthanach cothaithe ag Muintearas ag freastal ar phobail Ghaeltachta ar fud na hÉireann le níos mó ná dhá scór bliain anuas. Cuimsíonn a phunann seirbhíse cuimsitheach oideachas luathóige, oiliúint agus meantóireacht ghairmiúil, forbairt fiontair shóisialta, cláir oideachais, tionscnaimh forbartha pobail, agus seirbhísí obair óige. Mar chomhlacht riaracháin ainmnithe, bainistíonn Muintearas clár Campaí Samhraidh Gaeltachta agus oibríonn sé Scéim na gCúntóirí Teanga faoi choimisiúin ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta. Chomh maith leis sin, seachadann Muintearas cláir obair óige feadh na gceantar Gaeltachta aitheanta uile trí chomhordú agus tacaíocht líonra bunaithe clubanna óige pobalbhunaithe, a bhfuil go leor díobh ag freastal ar a bpobail áitiúla le fada. Feidhmíonn Muintearas mar fhochuideachta de chuid Údarás na Gaeltachta, arna struchtúrú mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta. Feidhmíonn an eagraíocht faoi mhaoirseacht straitéiseach Bhord Stiúrthóirí neamhspleách, le foireann bhainistíochta tiomnaithe chun oibríochtaí laethúla a bhainistiú.

## An Ról

Tá Muintearas CTR ag reáchtáil comórtais le duine a cheapadh sa phost Bainisteoir Óige. Is ról lárnach é seo in obair Mhuintearais. Is é cuspóir an róil seo ceannaireacht straitéiseach agus oibríochtúil a sholáthar do Chlár Óige Mhuintearais, ag cinntiú go ndéantar seirbhísí agus tionscnaimh óige a phleanáil, a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a mheas ar bhealach atá ailínithe le fís, misean agus cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta.

Ag freagairt don Príomhfheidhmeannach, beidh an Bainisteoir Óige freagrach as ceannaireacht, bainistíocht agus forbairt straitéiseach Chlár Óige Mhuintearais. Beidh an duine seo freagrach as pleanáil, seachadadh, monatóireacht agus meastóireacht an chláir, chomh maith le bainistíocht buiséid, foirne agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha chun cuspóirí na heagraíochta sna Limistéir Phleanála Teanga a bhaint amach agus chun tacú leis an bPróiseas Pleanála Teanga.

## Príomhfhreagrachtaí:

### Ceannaireacht Straitéiseach agus Bainistíocht Clár

- Ceannaireacht straitéiseach a sholáthar maidir le forbairt, cur i bhfeidhm agus meastóireacht Chlár Óige Mhuintearais.
- Maoirseacht agus bainistíocht a dhéanamh ar na tionscadail phíolótacha atá á gcur i bhfeidhm sna Limistéir Phleanála Teanga Pleanála Teanga (LPT), lena n-áirítear monatóireacht ar fheidhmíocht, bainistíocht riosca agus tuairisciú ar thorthaí.
- Ionadaíocht agus rannpháirtíocht ghníomhach a ghlacadh ar choistí stiúrtha agus ar struchtúir rialachais ábhartha.
- Ionchur straitéiseach a sholáthar maidir le forbairt seirbhísí óige sa Ghaeltacht agus treo fadtéarmach an chláir óige.

### Bainistíocht Acmhainní agus Airgeadais

- Freagracht a ghlacadh as bainistíocht agus rialú buiséid an chláir, ag cinntiú úsáid éifeachtach agus éifeachtúil acmhainní.
- Pleanáil agus bainistiú a dhéanamh ar acmhainní daonna agus oibríochtúla chun cuspóirí an chláir a bhaint amach.
- Tuarascálacha rialta a ullmhú maidir le feidhmíocht, caiteachas agus dul chun cinn an chláir.

### Bainistíocht Daoine agus Forbairt Foirne

- Earcaíocht, ionduchtú, bainistíocht agus forbairt ghairmiúil foirne óige a threorú.
- Córas bainistíochta feidhmíochta a chur i bhfeidhm chun ardchaighdeáin seachadta seirbhíse a chinntiú.
- Timpeallacht dhearfach oibre a chothú a spreagann nuálaíocht, comhoibriú agus forbairt leanúnach.

### Forbairt Beartais agus Rialachais

- Beartais, nósanna imeachta agus creatlaigh rialachais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir le dea-chleachtas san earnáil óige agus le riachtanais reachtúla.
- Cinntiú go gcomhlíonann an clár gach ceanglas maidir le cosaint leanaí, rialachas, bainistíocht riosca agus cáilíocht seirbhíse.
- Beartais, Nósanna Imeachta agus struchtúr pleanála maidir le rannpháirtíocht óige a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

### Forbairt Comhpháirtíochtaí agus Bainistíocht Geallsealbhóirí

- Caidreamh straitéiseach a fhorbairt agus a chothabháil le gníomhaireachtaí stáit, eagraíochtaí náisiú0nta óige, pobail áitiúla agus páirtithe leasmhara eile.
- Deiseanna nua maoinithe, comhoibrithe agus forbartha cláir a aithint agus a chur chun cinn.
- Ionadaíocht a dhéanamh ar son Mhuintearais ag cruinnithe, fóram agus imeachtaí ábhartha.

### Guth na hÓige agus Rannpháirtíocht na hÓige

- Múnla rannpháirtíochta inbhuanaithe do “Ghuth na hÓige” a fhorbairt agus a chomhtháthú i struchtúir rialachais agus cinnteoireachta na heagraíochta.
- Tionól Óige a bhunú agus a chuir i bhfeidhm mar chuid lárnach do chur chuige rannpháirtíochta Mhuintearais.
- Cinntiú go bhfuil guth ag daoine óga agus tionchar acu ar dhearadh, cur i bhfeidhm agus monatóireacht ar na cláir agus seirbhísí a bhaineann leo.

### Taighde, Meastóireacht agus Feabhsú Leanúnach

- Próisis taighde, meastóireachta agus foghlama a threorú chun tionchar agus éifeachtacht an chláir a mheas.
- Téarmaí tagartha agus próisis soláthair a ullmhú agus a bhainistiú maidir le staidéir thaighde agus meastóireachta.
- Torthaí taighde agus sonraí feidhmíochta a úsáid chun feabhsuithe leanúnacha seirbhíse a chur i bhfeidhm agus cinnteoireacht straitéiseach a threorú.

## Scileanna agus Cáilíochtaí Riachtanacha:

### Cúlra Oideachais:

- Cáilíocht ábhartha triú leibhéal ( ag leibhéal 8 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí) sa Staidéar Óige, Forbairt Pobail, Bainistíocht, Oideachas nó disciplín ghaolmhar ag teastáil.
- Oiliúint nó cáilíochtaí breise i gceannaireacht, bainistíocht tionscadal, rialachas, nó bainistíocht daoine inmhianaithe.

### Taithí Oibre:

- Taithí shuntasach (cúig (5) bliana ar a laghad) ag leibhéal bainistíochta nó ceannaireachta i gceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas: obair óige, forbairt pobail, forbairt teanga, oideachas, earnáil na seirbhíse poiblí nó earnáil dheonach/phobail.
- Taithí léirithe ar chláir, tionscadail nó seirbhísí a phleanáil, a fhorbairt agus a sheachadadh ar bhealach straitéiseach.
- Taithí ar bhuiséid, acmhainní agus conarthaí a bhainistiú agus ar dhea-rialachas agus cuntasacht a chinntiú.
- Taithí ar chomhpháirtíochtaí agus caidrimh éifeachtacha a fhorbairt le geallsealbhóirí éagsúla, lena n-áirítear gníomhaireachtaí stáit, pobail agus eagraíochtaí náisiúnta.

### Scileanna agus Inniúlachtaí:

- Líofacht sa Ghaeilge idir labhairt agus scríobh, le sárscileanna cumarsáide.
- Scileanna láidre ceannaireachta agus bainistíochta foirne, le cumas cruthaithe chun baill foirne a spreagadh agus a fhorbairt.
- Scileanna eagrúcháin agus bainistíochta ama den scoth, leis an gcumas tionscadail éagsúla a láimhseáil ag an am céanna, torthaí a bhainistiú agus a sholáthar.
- Sár scileanna réitigh fadhbanna, le cur chuige straitéiseach agus anailíseach.
- Sárscileanna idirphearsanta, idirbheartaíochta agus comhoibriú le páirtithe leasmhara.
- Inniúlacht i mbogearraí agus uirlisí bainistíochta tionscadail, leis an gcumas teicneolaíocht a úsáid ar mhaithe le oibríochtaí éifeachtúla.
- Taithí ar thaighde, meastóireacht, monatóireacht nó tuairisciú ar thionchar clár agus tionscadal inmhianaithe.

### Tréithe Pearsanta:

- Ardleibhéal ionracais, gairmiúlachta agus tiomantais do mhisean Mhuintearais.
- Scileanna láidre idirphearsanta, leis an gcumas caidrimh dhearfacha a thógáil agus a chothabháil le réimse éagsúil páirtithe leasmhara.
- Inoiriúnaitheacht agus athléimneacht, agus an cumas a bheith rathúil i dtimpeallacht dhinimiciúil atá ag athrú.

## Iarratas

Tá Muintearas tiomanta don éagsúlacht ina lucht saothair agus fáiltíonn roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil cúlraí éagsúla acu.

Fostóir comhionannais deiseanna é Muintearas agus déantar iarratais incháilithe a mheas gan beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí sóisialta, cine ná eitneacht, éagumas, stádas sibhialta ná teaghlaigh, creideamh ná ballraíocht den Lucht Siúil.

Táimid tiomanta do thimpeallacht thacúil oibre a sholáthar agus táimid sásta socruithe réasúnta a chur i bhfeidhm lena chinntiú gur féidir le gach iarrthóir páirt iomlán a ghlacadh sa phróiseas iarratais agus agallaimh.

Is í an Ghaeilge teanga oibre Mhuintearais.

Tá socrúcháin Solúbtha Oibre i bhfeidhm i Muintearas.

Iarrtar ar iarratasóirí CV agus litir chumhdaigh a sheoladh chuig foluntais@muintearas.com roimh an spriocdháta.

Glacfar le hiarratais go dtí **12.00in ar an 10 Iúil 2026.**

Breis eolais ar fáil trí ríomhphost a sheoladh chuig foluntais@muintearas.com nó glaoch ar 091-379141